# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille Ros a' Mhíl

# Samhradh 2023

**An Chéad Choaoineach 13/5/23**



Bhí lá fíor speisialta ag Rang a 2 agus iad ag ceiliúradh a gCeád Comaoineach. Míle buíochas leis an gcóir agus le Nóirín, Síle agus Méadhbh a bhí leo. Bhí cóisir beag agus cáca againn anseo sa scoil do mhuintir na ngasúir.Bhí an-lá go deo acu!

**Bliots Peile - Ardranganna 17/5/23+ 18/5/23**



Bhí an-lá go deo ag na hardranganna ar an bhFaiche ag bliots peile ar an 18ú de Bhealtaine a bhí eagraithe ag Meánscoil Naomh Feichín i gCor na Móna. Bhí 8 scoil páirteach ar an lá agus d'éirigh le na hardranganna an lá a thabhairt leo théis an-taispeántas peile a thabhairt ins na cluichí difriúla, go speisialta ins an gcluiche ceannais. B'iad Sorcha Ní Shúilleabhain agus Eabhan Breathnach a chroch an corn ar son na fóirne. Bhí an-lá go deo againn agus muid fíor bhuíoch as ucht an cuireadh a dhul ann agus ard mholadh do Mheánscoil Chor na Móna a d'eagraigh comórtas den scoth.



## Buaiteoirí Craobh na hÉireann! 17/5/23







Bhí an-oíche againn nuair a tháinig Síle, Mary K agus ceathrar gasúir abhaile ó Bhaile Átha Cliath leis an gcupán a bhuaigh na Naíonáin i gCraobh na hÉireann sa bhFéile Scoildrámaíocht. Bhuaigh muid comórtas 1. Bhí tine cnámha ann agus cóisir againn sa scoil agus muid ag ceiliúradh an bua mór!!






## Lá Oscailte 19/5/23



Bhí lá oscailte againn sa scoil do na gasúir a bheidh ag teacht chugainn tar éis an tsamhradh. Bhí seans ag na gasúir bheaga seo aithne a chur ar an scoil, ar na múinteoirí agus ar na gasúir eile a bheidh sa rang. Ag an am céanna chuaigh Naíonáin Mhóra isteach chuig Rang Áine agus chuaigh Rang a 3 isteach i seomra na hArdranganna chun deis a bheith acu sna ranganna difriúla.





## Bliots Peile Meánranganna 25/5/23



Bhí bliots peile ag na meánranganna i bpáirc a Mhaimín. Bhí dhá scoil eile ann agus bhí na gasúir uilig measctha. Bhí seans acu spraoi le na gasúir eile. Bhain siad an-sult as an lá !

## Ceardlann Bród 30/5/23



Chuaigh na hArdranganna go dtí Coláiste Mhuire sa Spidéal chun páirt a ghlacadh i gceardlann a bhí eagraithe ag Pleanáil Teanga Chois Fharraige. Bhí go leor bunscoileanna eile ann. I measc na himeachtaí bhí ceol, ealaín, sport, drámaíocht agus …uachtar reoite!! Bhí an-lá go deo acu!!

## Bliots Peile Cumann na mBunscoil 7/6/23

D'imir cailíní agus buachaillí na scoile ó Rang 4-Rang 6 i mbliots peile ar an bhFairche.



Bhi foireann na gcailíni ag imirt i Roinn a 1 agus d'imríodar go hiontach ins na cluichí ar fad. Comhghairdeas le foireann na mbuachaillí a bhuaigh amach Corn Roinn a 2. Thugadar leo an cupán agus an lá nach raibh aon fhoireann in ann an ceann is fearr a fháil orthu!!! Nár laga Dia iad ar fad!

## Turas Trá 8/6/23



Bhí an-time ag na Naíonáin agus ag Rang na nGleoiteogí ar Trá an Dóilín! Bhí siad ag péinteáil clocha, ag déanamh spóirt, ag spraoi le huisce agus gaineamh. Chuaigh siad ar shiúlóid agus bhain siad an-sult as a bheith spraoi le chéile! Ach an rud is mó ná…bhí scéitímí orthu nuair a tháinig an veain uachtar reoite! Bhí an-lá go deo acu!

## Lá Spóirt 9/6/23



Bhí lá iontach againn ar Pháirc Ros a' Mhíl leis an Lá Spóirt. Rinne na gasúir stáisiúin ar dtús idir cluichí le liathróidí, cic pionóis agus ag caitheamh buaitaisí. Ansin bhí rásaí mála, rásaí fata is spunóg, rasaí trí chois agus ritheacht againn. Tar éis lóin bhí comórtas tarraingt téide againn sna ranganna agus in aghaidh na múinteoirí!!! Fuair chuile dhuine bonn. Bhain muid an-sult as!



## Turas Scoile Ardranganna 22/6/23



Chuaigh na hArdranganna chuig Emerald Park i mBaile Átha Cliath. Chuaigh siad ar an Viking Voyage, Cú Chulainn agus go leor rudaí eile. Stop siad ag Supermacs ar an mbealach abhaile. Bhí an-lá acu agus iad an-tuirseach tar éis an lá fada!



## Turas Scoile Meánranganna 24/6/23



Chuaigh na Meánranganna le Múinteoir Áine chuig Ionad Slieve Aughty chun marcaíocht a dhéanamh. Bhí siad ag péinteáil na capaill agus ag foghlaim faoi scileaanna 'bush survival'. Ar an mbealach abhaile stop siad ag an Plaza le huachtar reoite a bheith acu. Bhí an-lá acu!



## Cuimhní Rang a 6

Chuir muid ceist ar Rang a 6 ag fiafraigh oraibh na cuimhní is fearr a bhí acu agus cén jab is maith leo a bheith acu nuair a mbeidh siad fásta saus. Seo cuid de na freagraí…..

Alex: An chuimhne is fearr ná nuair a bhuaigh muid dhá bliots i gClonbur. Bhí an aimsir an-deas, bhí na cluichí an-chrua agus fuair muid uachtar reoite ina dhiaidh….Ba mhaith liom a bheith i mo shúinéir mar bíonn mé ag déanamh rudaí mar sin le mo uncail.

Aoibhinn:….Nuair a bhuaigh muid an bliots agus fuair muid cupán an-mhór…agus an lá a tháinig Autumn go dtí an scoil seo…….Ba mhaith liom a bheith i mo imreoir rugbaí nó cispheile nuair atá mé fásta suas.

Autumn: …Nuair a bhuaigh muid an cupán ag an bliots….nuair a bhí an scoil caoga bliain…an maidin caife anuraidh….Ba mhaith liom a bheith i mo réalteolaí, peileadóir, múinteoir,nó duine atá siopa acu.

Cian: …Nuair a chuaigh muid go Inis Oirr mar chuaigh muid ar an trá agus bhí an-spraoi againn…..Ba mhaith liom a bheith i mo shúinéir mar bhí mo Dhaideo ina a shúinéir agus is maith liom a bheith ag obair leis.

Méadhbh: …Nuair a chuaigh muid chuig an Zú. Chonaic muid bleaist ainmhithe agus nuair a bhí muid ag ithe bhí muid in ann na Meerkats a fheiceáil agus iad ag ithe francaigh!….Ba mhaith liom a bheith i mo mhúinteoir mar is maith liom múineadh daoine faoi rudaí.

Eabhan: …Nuair a bhuaigh muid na dha bliots i gClonbur mar bhí na cluichí an-chrua agus bhí uachtar reoite againn….Tá mé ag iarraidh a bheith i mo dhochtúir nó imreoir peile mar is maith liom cúnamh a thabhairt do dhaoine agus is peil an sport is fearr.

Liam James: Nuair a chuaigh muid chuig Zú Bhaile Átha Cliath. Chonaic muid ainmhithe móra ar nós leon. Bhí spórt agus scléip agam…….Ba mhaith liom a bheith i mo fhear dóiteáin.

Siobhan: An cuimhne is fearr ná an chéad bliots a bhí againn i gClonbur mar bhí an-spraoi againn agus fuair muid uachtar reoite…..Ba mhaith liom a bheith i mo thréidlia mar is breá liom ainmhithe agus is maith liom aire agus cúnamh a thabhairt dóibh.

Shane:…Nuair a bhuaigh muid an bliots agus fuair muid cupan…scórail mé cúl agus bhí uachtar reoite againn….Ba mhaith liom a bheith i mo imreoir snúcar mar is maith liom agus tá mé an-mhaith aige freisin.



**Slán le Rang a Sé 21/6/23**






Bhí oíche fíor speisialta againn do Rang a 6 le slán a rá leo. Gasúir álainn, múinte agus lán le tallann. Ghlaoigh Múinteoir Mícheál an rolla don uair dheireanach. Bhí cur i láthair agus chóisir beag againn. Is gasúir fíor speisialta sibh! Aireoidh muid uainn go mór sibh!!



**Slán le Feichín !**




Beidh Feichín ó Floinn ag fágáil na scoile freisin i mbliana le dul chuig scoil níos gaire do bhaile. Go néirí leat, Feichin sa scoil nua !!



**Ceoltoirí ar an Raidio !**
**23/6/23**




Bhí Abbey, Aoife Ní Nia, Autumn, Eibhlín, Méadhbh agus Sorcha ar Iris Aniar ar Raidio na Gaeltachta mar chuid de bhanna ceoil na scoile. Míle buíochas le Steve Sweeney agus Síle Ní Chonghaile.

***Ag guí Samhradh iontach oraibh go léir!***



***Foireann na scoile***

**Athoscailt na scoile : 29/8/23**